Nuachtlitir Theanga Tí

28 Bealtaine 2021

Teanga Tí

CLÁR NA NUACHTLITREACH

❷ Abairtí do thuismitheoirí ó Ghaoth Dobhair

❸ Imeachtaí ❺ Rannóg na nÓg

Scéim aitheantais do ghnólachtaí

Tá scéim nua aitheantais seolta ag Glór na nGael do ghnónna a sholáthraíonn seirbhís as Gaeilge.

Spreagfaidh an scéim úsáid na Gaeilge ar chomharthaíochta, i mbrandáil agus i seirbhísí.

Ag an ócáid seolta a tharla ar líne Dé Aoine 28 Bealtaine, rinne Stiúrthóir na Gaeilge i Roinn na Gaeltachta agus saineolaithe idirnáisiúnta plé ar an tábhacht agus an buntáiste a bhaineann leis an dátheangachas i gcúrsaí gnó.

Mar chuid den scéim, bronnfar gradaim aitheantais ar ghnóthaí le linn 2022 agus gach bliain as sin ar aghaidh.

Aodhán Mac Cormaic

Ar na daoine a bhí i láthair ag an seoladh, bhí Stiúrthóir na Gaeilge i Roinn na Gaeltachta Aodhán Mac Cormaic, an feidhmeannach stáit is sinsearaí atá ag plé go lánaimseartha leis an nGaeilge.

Labhair Siubhán Nic Grianna, Bainisteoir Pleanála Teanga Údarás na Gaeltachta, ag an seimineár chomh maith.

Bhí triúr saineolaithe idirnáisiúnta i láthair ag an seimineár, an Dr Jeremy Evas, iar Cheannasaí ar chur chun cinn na Breatnaise ag Rialtas na Breataine Bige; Oihan Zubizarreta Irebecampos, atá freagrach as cúrsaí cumarsáide sa chomharchumann Bascach EMUN; agus Helene Armentia Artzak, a bhíodh ag riaradh tograí a chuir an Bhascais chun chinn i gcomhlachtaí príobháideacha agus san earnáil phoiblí.

Is í Niamh de Búrca, Príomhfheidhmeannach Ghnó Mhaigh Eo is comhalta boird Ghlór na nGael a bhí ina cathaoirleach ar an seimineár.

Siubhán Nic Grianna

Niamh de Búrca

Amhrán na Seachtaine

Éistígí le glór glinn geal Gráinne Holland ag an nasc seo:

An Drúcht Geal Ceo

Gaeilge Ghaoth Dobhair

Teanga Tí

Caidé mar atá do Mháthair Mór?
Cén chaoi 'bhfuil do Mhamó?

Níl caill uirthi
Tá sí go maith

Bíonn mo Mháthair Mór ag cleiteáil
Bíonn mo mhamó ag cniotáil

Is duine muinteartha liom í
Tá sí gaolta liom

Mhúsail mé
Dhúisigh mé

An créatúr
Duine a bheadh trua agat dóibh

Bíonn barraíocht ar siúl aici
Bíonn an iomairce ar siúl aici

Lig do scíste
Lig do scíth

Ith do chuidse
Ith do dhinnéar

Bí gasta!
Bí tapaigh

fosta
freisin / chomh maith

Tá scaifte páistí acu
Tá a lán leanaí acu

gaosán agus smigead
srón agus smig

uilig
uile / go léir

Imeachtaí ar líne

Bealtaine & Meitheamh

Teanga Tí

Beidh na himeachtaí seo a leanas á n-eagrú ag foireann Theanga Tí ar line le linn na seachtainí seo romhainn:

28 Bealtaine	Spraoi agus Tae Iarthar BÁC @ 14:00
29 Bealtaine	Ballet Poulet leis na Fanzini Bros mar chuid d'Fhéile UCD @ 10:00
31 Bealtaine	Caife & Comhluadar le Cabríní @ 11:00
2 Meitheamh	Club Códúcháin le Gwen, Fionn agus Cabríní @ 18:30
7 Meitheamh	Caife & Comhluadar le Cabríní @ 11:00
11 Meitheamh	Spraoi agus Tae Iarthar BÁC @ 14:00
14 Meitheamh	Caife & Comhluadar le Cabríní @ 11:00
21 Meitheamh	Caife & Comhluadar le Cabríní @ 11:00
25 Meitheamh	Spraoi agus Tae Iarthar BÁC @ 14:00
28 Meitheamh	Caife & Comhluadar le Cabríní @ 11:00

Má tá tuilleadh eolais uait dean teagmháil le marcas@glornangael.ie

Seachtain na nÓg
25-27/05/2021

CUMANN na bhFIANN

Imeachtaí ar líne don aoisghrúpa 10-13
Online activities through Irish for the 10-13 age group

Ceardlanna/Workshops
- Damhsa / Dance
- Oragámaí / Origami
- Bácáil / Baking
- Obair Láimhe / Arts & Crafts

Tráth na gCeist/Quiz (Kahoot)

Gach eolas/Further information

www.cnb.ie

Duaiseanna/Prizes

Foras na Gaeilge

Ní gá clárú /
No need to register

Rannóg na nÓg le hÁinín Uí Chasaide

Prócaí Milseán

Teanga Tí

Tá na prócaí seo i bpéirí. Cuir dath ar an phróca as gach péire leis an mhéid is mó milseán



Iolrú faoin Fharraige

3 x 6		9 x 4	
9 x 12		7 x 6	
4 x 6		12 x 2	
10 x 11		12 x 3	
4 x 3		8 x -10	
6 x 5		5 x 7	
7 x 8		3 x 8	
2 x 6		2 x 11	